



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2013–2014

Eolaíocht: Teastas Singil

Aonad 3 (Fisic)

Ardsraith

[GSS32]



DÉ CÉADAON 26 FEABHRA 2014, MAIDIN

AM

1 uair 15 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna 3 agus 7(a).

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	

Marc
iomlán

- 1 Nochtaítear píolótaí do leibhéal níos airde de radaíocht cionn is go gcaitheann siad tréimhsí fada ama ag airdí móra (go hard sa spéir).

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



© Victor De Schwanberg / Science Photo Library

An tábla thíos, léiríonn sé méid na radaíochta (an dáileog) a fhaigheann píolótaí agus iad ag taistéal chuig cinn scríbe dhifriúla ó Bhéal Feirste.

Ceann scríbe	Aga na heitilte/ uaireanta	Méid radaíochta/ mSv
Páras	1.75	8.34
Nua Eabhrac	7.7	50.00
Sharm El Sheikh	6.2	24.18
Manchain	1.0	1.82

- (i) Luaigh an treocht a thaispeántar leis na sonraí seo.

[1]

- (ii) Is í radaíocht chúlra is cúis leis an mhéadú seo ar an dáileog. Luaigh foinse fhéideartha **amháin** de radaíocht a rachadh i bhfeidhm ar phíolótaí ag an airde seo.

[1]

- (iii) Is é 2000 mSv an dáileog uasta shábháilte radaíochta do mhná atá ag iompar clainne. Bain úsáid as an fhaisnéis seo le líon uasta na n-eitiltí fillte a ríomh ar chóir do bhean a dhéanamh go Nua-Eabhrac agus í ag iompar clainne.
(Taispeáin do chuid oibre.)

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Freagra _____ [2]

- (iv) Mínigh ina ionláine an dóigh a dtig leis an radaíocht dochar a dhéanamh do dhaoine.


[2]

- 2 (a) An tábla thíos, taispeánann sé an rátá áirimh atá ag iseatóp radaighníomhach.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Am/laethanta	Rátá áirimh/ass (cps)
0	120
2	76
4	48
6	30
8	19

- (i) Breac na pointí seo ar na haiseanna thíos agus tarraing cuar an oriúnaithe is fearr.



[3]

- (ii) Bain úsáid as an ghráf le leathré an iseatóip radaighníomhaigh a aimsiú.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc


Freagra _____ lá [1]

- (b) Tá leathré de 20 lá ag fosfar radaighníomhach. Cad é an codán de bhunmhais an fhosfair a bheidh fágtha i ndiaidh 40 lá?

Freagra _____ [1]

- 3** Taispeánann an grianghraf thíos an Ghrian, an réalta is cóngaráí dúinn.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



© NASA/SDO

Cuir síos ina ionláine ar fhoirmíú na Gréine, agus ainmnigh na gáis agus na fórsaí a bhí bainteach leis.

Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíochta.

[6]

- 4 (a) An tábla thíos, taispeánann sé faisnéis maidir le cumhacht leictreach a ghiniúint.

	Taoide	Gual	Gaoth	
			Ar an chladach	Amach ón chósta
Aschur cumhachta/MV (MW)	12	1600	24	94
Ionchas saoil/blianta	15	30	20	20
Costais oibriúcháin bhliantúla sa cV/£ (kW/£)	56	24	24	57
Costais ghiniúna sa cVu/p (kWh/p)	6.63	3.33	5.35	7.19

- (i) Ba mhaith leis an rialtas foinsí malartacha a chur in áit stáisiúin chumhachta bhreosla iontaise.
Bain úsáid as an fhaisnéis lena mhíniú ina iomláine cad chuige nach mbeadh seo ar an rogha is fearr.

[3]

- (ii) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil níos mó foinsí malartacha fuinnimh á dtabhairt isteach.

1. _____

2. _____ [2]

- (b) Mínigh ina iomláine foirmiú na mbreosláí iontaise ó phlandaí agus ó ainmhithe marbha.

[2]

- (c) Tugtar thíos cuid de na próisis atá bainteach le leictreachas a tháirgeadh ag úsáid stáisiún cumhachta gualbhreoslaithe.


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

A	Táirgeann an gualteas	Táirgeann an coire gal	Casann an ghal lanna an tuirbín le leictreachas a dhéanamh go díreach
B	Táirgeann an gualteas	Casann an teas lanna an tuirbín	Casann an tuirbín an gineadóir a tháirgeann leictreachas
C	Táirgeann an coire gal	Casann an ghal lanna an tuirbín	Casann an tuirbín an gineadóir a tháirgeann leictreachas
D	Téann an tuirbín an coire	Táirgeann an coire gal	Casann an ghal an gineadóir a tháirgeann leictreachas

Cé acu litir **A**, **B**, **C** nó **D** a thugann ord ceart na bpróiseas?

Freagra _____ [1]

5 An graf thíos, taispeánann sé tonn.



- (a) Bain úsáid as an fhaisnéis sa ghraf leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

(i) Cad é tonnfhad na toinne seo?

Freagra _____ m [1]


(ii) Cad é amplitiúid na toinne seo?

Freagra _____ m [1]

- (b) Cuir síos ina ionláine ar ghluaiseacht na gcáithní i dtrastonn.

[2]

- (c) Is féidir ultrafhuaim a úsáid le doimhneacht na farraige a thomhas mar a thaispeántar sa léaráid thíos.



- (i) Taistealaíonn ultrafhuaim ag 1500 m/s san uisce.

Cuireann an long amach bíog ultrafhuaime agus filleadh an macalla 6 shoicind níos moille.

Úsáid an chothromóid:

$$\text{fad} = \text{luas} \times \text{am}$$

le doimhneacht an uisce a ríomh.
(Taispeán do chuid oibre.)

Freagra _____ m [3]

- (ii) Cad é mar a bheidh a fhios ag captaen na loinge má shnámhann scoil éisc faoin long?

_____ [1]

- (d) Is féidir le hultrafhuaim minicíocht de 30 000 Hz a bheith aici.

Bain úsáid as an chothromóid:

$$\text{tonnfhad} = \frac{\text{luas}}{\text{minicíocht}}$$


le tonnfhad na hultrafhuaime seo a ríomh.
(Taispeán do chuid oibre.)

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Freagra _____ m [2]

- 6 (a) Is tomhas é SRI (SAR) (sainráta ionsúcháin) den méid radaíochta a íonsúnn fíochán an choirp. Dá airde é an luach is amhlaidh is mó an radaíocht a ionsúitear. Na léaráidí thíos, taispeánann siad an dóigh a dtreánn na micreathonnta an inchinn agus guthán póca in úsáid.


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



Bain úsáid as an fhaisnéis lena mhíniú ina ionmláine cad chuige a bhféadfadh sé bheith contúirteach do pháistí 5 bliana d'aois úsáid a bhaint as gutháin phóca.

[2]

- (b) An graf thíos, taispeánann sé an dóigh a dtéann fad an ghuthán ón cheann i bhfeidhm ar an SRI (SAR).



- (i) Cuir síos ina ionmláine ar an treocht a thaispeántar sa ghráf.

[2]

- (ii) Seachas fad guthán póca ón cheann a mhéadú, luaigh **dhá** dhóigh ar féidir le húsáideoirí gutháin phóca an méid a nochtaítear iad do radaíocht mhicreathoinne a laghdú.

1. _____
2. _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 7 (a) Déan cur síos mionsonraithe ar imscrúdú lena fháil amach an dóigh a dtéann tiús sreinge i bhfeidhm ar a friotaíocht. Luaigne an tátal a mbeifeá ag dúil leis.

Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, ar a n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíochta.

[6]

- (b) (i) Cuir síos ar an dóigh a n-athraíonn friotóir inathraithe an sruth i gciорcad.

[1]

[1]

- (ii) Luaijh sampla d'áit a mbaintear úsáid as friotóir inathraithe.


[1]

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Ar an chiorcad thíos, tarraing saighead le treo an leictreonsreafa a thaispeáint ag suíomh X.


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



[1]

- 8 (a) Tugann an léaráid thíos mais agus móiminteam veain agus í ag bualach balla.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



Bain úsáid as an chothromóid:

$$\text{móiminteam} = \text{mais} \times \text{treolus}$$

le treolus na veain ag an imbhualadh a ríomh.
(Taispeán do chuid oibre.)

Freagra _____ m/s [2]

- (b) Nuair a imbhuaileann an veain leis an bhalla ionsúitear cuid den fhuinneamh. Luagh gné **amháin** den veain atá deartha leis an fhuinneamh seo a ionsú.

_____ [1]

- (c) Tá déantóirí carranna ag iarraidh an méid a bhíonn siad ag brath ar bhrefosláí iontaise a laghdú trí úsáid a bhaint as ionadaigh agus breiseoirí. Mínigh ina hiomláine an difríocht idir ionadaigh agus breiseoirí.

_____ [2]


- (d) Luagh sampla d'ionadach breosla agus sampla de bhreiseoir breosla.

Ionadach _____

Breiseoir _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (e) Taispeánann na léaráidí thíos dhá eiteán (**A** agus **B**) ag titim.



- (i) Cuir síos ar ghluaisne eiteán **B** agus mínígh í.

[2]

- (ii) Cad é luach an fhórsa comhthoraidh ar eiteán **A**?


Freagra _____ N [1]

- 9 Ba é an tOllamh Josh Silver a cheap na chéad spéaclaí féin-inchoigearaithe. Bhain sé úsáid as lionsaí líonta le leacht a dtiocfadh leo a gcruth a athrú mar a thaispeántar thíos.



Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



© The Centre for Vision in the Developing World



- (a) Comhlánaigh an léaráid thíos lena thaispeáint an dóigh a mbíonn na gathanna solais ag dul trí na lionsaí seo.



- (b) Lionsa lag nach n-inréimíonn an solas go leor is cúis le fadradharc.
Cuir síos ar éifeacht an fhadradhairc agus luaigh an dóigh ar féidir leis
na spéaclaí féin-inchoigeartaithe seo an t-inréimiú níos mó atá de
dhíth a chur ar fáil.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 10 (a) (i) Cad é an t-ainm a thugtar ar an tsamhail den Ghrianchóras atá ann faoi láthair?

_____ [1]

- (ii) Cad é an phríomh dhifríocht idir an tsamhail seo den Ghrianchóras agus an tsamhail a moladh na céadta bliain ó shin?

_____ [1]


- (b) Bunaithe ar Theoiric na hOllphléisce, cé chomh sean a shíltéar atá an Chruinne?

_____ [1]

- (c) Luaign teoiric eolaíoch eile in áit Theoiric na hOllphléisce.

_____ [1]

- (d) Nuair a amharcann réalteolaithe ar sholas ó réaltraí feiceann siad na línte dubha seo a leanas ina speictream.



Cuir síos ina ionmláine ar cad é a chuireann an fhaisnéis seo in iúl do réalteolaithe faoi réaltra C i gcomparáid le réaltra B.

_____ [2]

11 An tábla thíos, tugann sé faisnéis faoi radaíocht leictreamaighnéadach.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Radaíocht	Raon tonnfhaid/m
tonnta raidió	1×10^6 to 1×10^{-1}
micreathonnta	1×10^{-1} to 1×10^{-3}
infridhearg	1×10^{-3} to 7×10^{-7}
infheicthe	7×10^{-7} to 4×10^{-7}
ultraivialait	4×10^{-7} to 1×10^{-8}
X-ghathanna	1×10^{-8} to 1×10^{-13}
gáma-ghathanna	1×10^{-10} to 1×10^{-16}

(a) Cé acu radaíocht a bhfuil an **raon** tonnfhad is lú aici?

[1]

(b) Ainmnigh an radaíocht is mó a dhéanann dochar don chorp. Mínigh do rogha ina hiomláine.

[3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.